C/2024/4880

5.8.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/4880)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Huşi'

PDO-RO-A1583-AM04

Dáta na teachtaireachta: 30 Bealtaine 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. **Faisnéis maidir leis an gcomhlacht rialúcháin a tugadh cothrom le dáta**

Tugadh roinnt faisnéise faoi shonraí teagmhála an chomhlachta rialúcháin inniúil cothrom le dáta.

Leasaíodh Caibidil XV den tsonraíocht, gan aon athrú ar an doiciméad aonair.

2. **Léiriú ar roinnt coinníollacha sonracha maidir le lipéadú**

Leasaíodh an tsonraíocht chun roinnt coinníollacha sonracha maidir le lipéadú a léiriú i gceart; ní mór iad sin a léiriú sa chaibidil chomhfhreagrach maidir le coinníollacha margaíochta (cur i láthair, lipéadú).

Leasaíodh Caibidlí III agus XII den tsonraíocht agus pointe 9 den doiciméad aonair.

3. **Leasú ar na coinníollacha maidir le cleachtais saothraithe i bhfíonghoirt**

Leasaíodh an tsonraíocht mar gheall ar athruithe ar dhálaí uiscithe nach mór a thabhairt cothrom le dáta agus a athscríobh ar mhaithe le soiléireacht.

Leasaíodh Caibidil VIII den tsonraíocht agus pointe 5.1.1. den doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Huşi

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

22 – DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Tréithe orgánaileipteacha – fíonta geala*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath buí na tuí/buí domhain, glasbhuí, buí líomóide, scothghlas, órga.

Dea-bholadh: dea-bholaithe tipiciúla cruinne diana de bhláthanna fíniúna, bláth troim, citris ghlais, torthaíoch, blasanna mealbhacáin a thagann chun cinn le haois.

Cumhracht: úlla samhraidh, féar lomtha, beagáinín searbh, dea-bholadh tipiciúil d'fhíniúnacha i mbláth, agus dea-bholadh tipiciúil fíneálta ann, dea-bholadh mín d'fhíonchaora atá ag aibiú, úlla úra, torthaí citris, bláthanna páirce, agus dea-bholadh d'fhéar lomtha ann, mil, torthaíoch, bláthanna acáise, imreacha ime úir, bláthach, aigéadacht chothromaithe, sainbhlasanna túise agus basail.

Blas: beagáinín aigéadach, bríomhar, torthaíoch, cruinn, iarbhlas taitneamhach, dea-bholadh de bhláthanna páirce, agus dea-bholadh d'féar lomtha ann, mil, torthaíoch, iarbhlas beagáinín searbh.

(Grasă de Cotnari, Muscadelle, Semillon, Riesling de Rhin – cineálacha aramatacha agus leath-aramatacha a bhfuil luachanna aramatacha os cionn an mheáin acu a d'fhéadfadh carnadh dea-bholaithe nó siúcraí a bheith ina thoradh orthu.)

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	10,5
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	200

2. *Tréithe orgánaileipteacha – fíonta dearga*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: dath an rúibín, dath an ghairnéid, dearg liathchorcra, dearg geal/dúdhearg.

Cumhracht: dea-bholadh silíní, sútha talún, silíní searbha, ruainníní prúnaí, tathagach. Dea-bholadh: cuiríní dearga, mónóga, sméara dubha, cumhracht bhláthach, dea-bholadh de pheitil róis agus basail.

Blas: tainneach, dea-bholadh de thorthaí foraoise aibí, silíní searbha, blas tréan luibhe, ruainníní prúnaí.

(Syrah, Zweigelt, Sangiovese, Nebbiolo, Barbera: cineálacha ina bhfuil carnadh méadaithe tainniní daite agus tiúchan chomhchosúil dá gcarachtar aramatach, is dócha mar gheall ar an athrú aeráide sa limistéar le blianta beaga anuas.)

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	10,5
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	20

Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	150

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtais saothraithe

Cleachtas saothraithe

— 3 000 planda/ha ar a laghad (nó 75 % plandaí ar a laghad, i gcomparáid leis an bhfíonghort réamh-mheasta)

— uisciú: ní cheadaítear é ach amháin le linn blianta triomaigh/dálaí aimsire neamhfhabhracha agus le fógra ONVPV (Oifig Náisiúnta Fíniúna agus Fíona), agus na caighdeáin uiscithe is fearr is féidir á gcur i bhfeidhm chun acmhainneacht fáis plandaí agus cáilíocht shonrach a áirithiú.

— glasbhuaint – laghdú a dhéanamh ar an líon braislí fíonchaor ag tús an aibithe nuair a sháraíonn an táirgeadh féideartha na huasteorainneacha a cheadaítear faoi na sonraíochtaí.

2. Táirgeadh na bhfíonta

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

I ndálaí aeráide áirithe, a mbíonn tionchar dearfach acu, in éineacht le hacmhainneacht cineálacha áirithe, ar an táirgeacht ar phlandálacha sa limistéar críochaithe, bheifí in ann fíonta lena ngabhann ATFC Huși a phróiseáil lasmuigh den limistéar críochaithe freisin, sa limistéar comharsanach san áit ina ngabhann an acmhainn is fearr leis na hionaid fíona.

Is éard atá sa limistéar comharsanach atá ainmnithe chun na críche sin (i gcomhair fíonóireacht thapa, coipeadh ag teocht rialaithe, acmhainneacht aramatach cineálacha áirithe a chaomhnú lena n-áirítear Fetească regală, Sauvignon, Muscat Ottonel, Tămâioasă românească, Busuioacă de Bohotin) na bailte agus na sráidbhailte seo a leanas i gContae Vrancea:

— Panciu, Movilița;

— Odobești, Unirea, Jariștea, Bolotești;

— Obrejița, Tâmboiești, Popești, Budești, Cârligele, Vârteșcoiu, Câmpineanca.

3. Táirgeadh fíona ghil nó rosé

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Is féidir fíonta geala agus rosé a fháil ó chineálacha Pinot gris agus Traminer roz, ag brath ar roghanna an táirgeora, trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí a chaomhnaíonn cáilíocht ATFC na bhfíonchaor agus na bhfíonta a tháirgtear ó na cineálacha sin.

5.2. *Uastáirgeachtaí*

1. Cineálacha Aligoté, Fetească Regală, Zghihară de Huși, Crâmpoșie Selecționată, Francușă, Plăvaie, Donaris, Grasă de Cotnari

16 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. Cineálacha Riesling na hIodáile, Semillon, Băbească Gri, Codană, Portugais Bleu

16 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. Cineálacha Riesling de Rhin, Muscadelle, Fetească Albă, Chardonnay, Aromat de Iași, Syrah, Sangiovese, Nebbiolo, Barbera

15 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4. Cineálacha Muscat Ottonel, Sauvignon, Pinot Gris, Tămâioasă Românească, Șarba, Traminer roz, Busuioacă de Bohotin, Merlot, Zweigelt

13 600 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

5. Cineálacha Cabernet Sauvignon, Fetească Neagră, Pinot Noir, Negru Aromat, Băbească Neagră

12 900 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. Cineálacha geala agus rosé Aligoté, Fetească Regală, Zghihară de Huși, Crâmpoșie Selecționată, Francușă, Plăvaie

123 heictilítear in aghaidh an heicteáir

7. Cineálacha geala agus rosé Grasă de Cotnari, Donaris, Riesling Iodáilis, Semillon, Băbească Gri, Codană, Portugais Bleu

123 heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. Cineálacha dearga Codană, Portugais bleu

119 heictilítear in aghaidh an heicteáir

9. Cineálacha geala agus rosé Riesling de Rhin, Muscadelle, Fetească Albă, Chardonnay, Aromat de Iași

115 heictilítear in aghaidh an heicteáir

10. Cineálacha dearga Syrah, Sangiovese, Nebbiolo, Barbera

111 heictilítear in aghaidh an heicteáir

11. Cineálacha geala agus rosé Muscat Ottonel, Sauvignon, Pinot Gris, Tămâioasă românească, Șarba, Traminer roz

104 heictilítear in aghaidh an heicteáir

12. Cineálacha dearga Busuioacă de Bohotin, Merlot, Zweigelt

100 heictilítear in aghaidh an heicteáir

13. Cineálacha rosé Cabernet Sauvignon, Fetească Neagră, Pinot Noir, Negru Aromat, cineálacha Băbească Neagră

97 heictilítear in aghaidh an heicteáir

14. Cineálacha dearga Cabernet Sauvignon, Fetească Neagră, Pinot Noir, Negru Aromat, Băbească Neagră

93 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Maidir leis an limistéar atá críochaithe chun fíonta a tháirgeadh a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Huși' acu, féadfaidh fo-ainmniúcháin a bheith san áireamh ann agus tá sé suite sna limistéir seo a leanas de Chontae Vaslui:

Ainmniúchán 'Huși':

— Baile Huși;

— Bardas Duda-Epureni, sráidbhailte Epureni, Duda;

— Bardas Pădureni, sráidbhailte Pădureni, Văleni, Leoști, Ivănești, Rusca;

— Bardas Tătărăni, sráidbhailte Tătărăni, Crăsnășeni, Bălțați, Manțu;

— Bardas Stănilești, sráidbhailte Stănilești, Pogănești;

— Bardas Buneşti-Avereşti, sráidbhailte Buneşti, Avereşti, Armăşeni, Tăbălăeşti, Plopi;

— Bardas Arsura, sráidbhailte Arsura, Fundătura, Pâhnești;

— Bardas Drânceni, sráidbhailte Drânceni, Ghermănești, Râșești;

— Bardas Boțești, sráidbhailte Boțești, Gugești;

— Bardas Banca, sráidbhailte Banca, Stoișești, Sârbi, Țifu;

— Bardas Fălciu, sráidbhailte Fălciu, Bozia, Copăceana, Rânzești;

— Bardas Blăgești, sráidbhailte Blăgești, Igești.

Fo-ainmniúchán 'Vutcani':

— Bardas Vutcani, sráidbhailte Vutcani, Mălăiești;

— Bardas Roșiești, sráidbhailte Roșiești, Gara Roșiești, Valea lui Darie;

— Bardas Şuletea, sráidbhailte Şuletea, Râşcani, Fedeşti;

— Bardas Epureni, sráidbhaile Horga;

— Bardas Berezeni, sráidbhailte Berezeni, Rânceni, Mușata.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Aligoté B – Plant de trois, Plant gris, Vert blanc, Troyen blanc

Aromat de Iași B

Barbera N

Busuioacă de Bohotin Rs – Schwarzer Muscat, Muscat fioletovîi, Muscat violet cyperus, Muscat rouge de Frontignan

Babeasca gri G

Băbească neagră N – Grossmuttertraube, Hexentraube, Crăcana, Rară neagră, Căldăruşă, Serecsia

Cabernet Sauvignon N – Petit Vidure, Burdeos tinto

Chardonnay B – Gentil blanc, Pinot blanc Chardonnay

Codană N

Crâmpoşie selecționată B

Donaris B

Fetească albă B – Păsărească albă, Poama fetei, Mädchentraube, Leanyka, Leanka

Fetească neagră N – Schwarze Mädchentraube, Poama fetei neagră, Păsărească neagră, Coada rândunicii

Fetească regală B – Königliche Mädchentraube, Königsast, Kiralyleanka, Dănășană, Galbenă de Ardeal

Frâncuşă B – Vinoasă, Mildweisser, Mustoasă de Moldova, Poamă creață

Grasă de Cotnari B – Dicktraube,Grasă, Köver szölö

Merlot N – Bigney rouge, Plant Medoc

Muscadelle B – Moscatello bianco, Mouscadet doux

Muscat Ottonel B – Muscat Ottonel blanc

Nebbiolo N

Negru Aromat N

Pinot Gris G – Affumé, Grauer Burgunder, Grauburgunder, Grauer Mönch, Pinot cendré, Pinot Grigio, Ruländer

Pinot noir N – Blauer Spätburgunder, Blauer Burgunder, Burgund mic, Burgunder roter, Klävner Morillon Noir

Pinot noir N – Spätburgunder, Pinot nero

Plăvaie B – Bălană, Plăvană, Poamă bălaie

Portugais Bleu N – Blauer Portugieser, Oporto, Portugieser

Riesling de Rhin B – Weisser Riesling, White Riesling, Riesling Renano, Rheinriesling

Riesling italian B – Olasz Riesling, Olaszriesling, Welschriesling

Sangiovese N – Brunello di Montalcino, Morellino

Sauvignon B – Sauvignon blanc

Syrah N – Shiraz, Petit Syrah

Sémillon B – Semillon blanc

Traminer Roz Rs – Rosetraminer, Savagnin Rose, Gewürztraminer

Tămâioasă românească B – Busuioacă de Moldova, Muscat blanc à petit grains

Tămâioasă românească B – Rumänische Weihrauchtraube, Tamianka, Tămâioasă albă de Drăgășani

Zghihară de Huși B – Zghihară, Zghihară galbenă, Zghihară verde bătută

Zweigelt N – Blauerzweigelt, Negru de Zweigelt, Zweigelt blau

Şarba B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Nasc leis an limistéar críochaithe

Cruthaíonn an tsubstráit liteolaíoch cumhdach lena ngabhann típeolaíocht ilchineálach. D'fhéadfaí mollasail mhalartacha steipe agus steipe foraoise a fháil in ithir ghlárach chré ar leibhéal foraoise. Maidir leis na hithreacha is forleithne i Logán Huși, seornaiseom cambach agus cré liath, is iad na cinn is luachmhaire de chuid fíonghort iad, mar go bhfeabhsaíonn a n-uigeacht ghainmheach/ar nós cré liath/cré saintréithe fisiceacha nuair a chuirtear in éineacht lena n-airíonna bunúsacha bithcheimiceacha: dianghníomhaíocht bhitheolaíoch, cion suntasach húmais, ardacmhainn malartaithe caitiain, imoibriú neodrach beagáinín aigéadach, sáithiú ard bunanna agus cothaitheach.

Cruthaítear an rilíf le sraith cnoc cruinn leithne ar an áis thiar thuaidh – thoir theas. Tá treoshuíomhanna, saintréithe moirfeolaíocha agus fánaí difriúla ag na cnoic. Sa limistéar fíonsaothraithe seo, tugtar fo-aonaid éagsúla le chéile: limistéar cnocach amháin thart ar airde 300 m agus limistéar bunchnoic níos ísle ar 150 m a mheánairde. Tá treoshuíomhanna difriúla, saintréithe moirfeolaíochadifriúla difriúla agus grádáin dhifriúla ag na cnoic agus foirmíonn na nithe sin cúlra roinnt de na fóinghoirt atá ann sa limistéar.

Tá Logán Huși teorannaithe ag cnoic arda ó Dheas, ar an taobh Thiar agus ó Thuaidh agus ag gleann Prut ar an taobh Thoir, agus is ionann é agus os cionn 70 % d'fhíonghoirt sa limistéar. Tosaíonn na gleannta a scarann cnoic an réigiúin le fánaí beagáinín neamhshiméadrach sa mhachaire cósta le cumhdach cnocach, agus cruthaíonn siad slabhra logán (Voloseni, Huși, Epureni, Novaci, Diuca, Fundătura, Arsura, Ghermănești) arb iad na limistéir is luachmhaire don fhíonsaothrú iad nuair a chuirtear iad in éineacht le cnoic níos airde an logáin.

Aeráid mheasartha na mór-roinne a bhíonn i réim agus gnéithe measartha ilchríochach le fáil sna cnoic agus sa cheantar leath-bhóireach i Logán Huși.

Is ionann an t-ionradantas gréine domhanda thart ar 120 kcal/CMP/sa bhliain, is ionann meánfhad na gréine in aghaidh na bliana agus 2 000 uair an chloig ar chnoic arda agus os cionn 2 100 uair an chloig i Logán Huși agus i ngleann Prut. I bhfianaise na meánluachanna bliantúla radantacha agus teirmeacha gréine, tá sé tugtha dár n-aire againn go bhfanann siad ard le linn an tséasúir fáis, rud atá tairbhiúil ó thaobh fhorbairt agus aibiú na bhfíonchaor.

Tagann na príomhghaotha ón iarthar, ón iarthuaisceart agus ón tuaisceart agus, i dteannta a chéile, is 60 % de na gaotha in aghaidh na bliana iad agus bíonn saintréithe Föhn ag gabháil leo nuair a shéideann siad síos fánaí na gcnoc chuig an logán. Méadaíonn an ghaoth anoir aduaidh, go háirithe an Crivăț, sioc, agus bíonn na cinn anoir agus anoir aneas te agus tirim i rith an tsamhraidh, rud a mhéadaíonn an triomach, agus airítear an dá cheann acu go mór i Logán Huși agus ar thuilemhá Prut araon.

Tá dhá phríomhbhealach sa líonra hidreagrafach a dhraenálann críoch an bhaile: an Drăslăvăț sa deisceart agus an Răiești, a chruthaítear ón Turbata agus ón Șara, sa tuaisceart. Tagann siad le chéile ar an taobh thoir den bhaile chun abhainn Huși a chruthú. Tá saintréithe hidreagrafacha folcmhara ag gabháil le sruthanna Drăslăvăț agus Răiești. San earrach, nuair a bhíonn an sneachta ag leá go tapa mar thoradh ar theochtaí méadaithe, nó tar éis báisteach fholcmhar sa samhradh, iompraíonn na sruthanna méideanna móra uisce, agus iad ag cur thar bruach uaireanta.

Bíonn fíonta a tháirgtear sa limistéar sin sa raon ó thirim go milis nó is fíonta licéir iad atá geal, rosé nó dearg. De ghnáth, is fíonta éadroma iad, nach bhfuil ró-eastósach, ina bhfuil cion alcóil measartha, agus iad beagáinín aigéadach i dtuaisceart an limistéir agus 'buaic' aigéadachta ann i limistéar Avereşti, áit ar féidir le haigéadacht nádúrtha 11-12 ghram d'aigéad tartarach in aghaidh an lítir a shroicheadh i roinnt blianta, rud a fhágann go bhfuil an limistéar sin iontach chun fíonta súilíneacha a tháirgeadh.

Bíonn dath éadrom ar fhíonta dearga i dtuaisceart an limistéir agus bíonn siad tréandaite sa deisceart.

Tháinig na chéad doiciméid scríofa a thagraíonn d'fhíonghoirt sna limistéir ina bhfuil fíonghoirt an lae inniu suite roimh an gcéad taifead ina n-ainmnítear baile Huși. I ngníomh de chuid Alexander the Good in 1415, leagtar amach teorainneacha an tsean-fhíonghoirt. I ndoiciméad eile dar dáta mí Lúnasa 1436 léirítear go raibh plandálacha fíniúna sna limistéir fíonsaothrúcháin Epureni - Pâhnești - Huși. Tá sé luaite i ndoiciméid ón am sin go ndearnadh fíniúna a phlandú go tréan i bhfíonghoirt Saca agus Ochi idir 1600 agus 1662; ba leis an tiarna áitiúil fíniúna Huși.

Tá seantaifid le fáil ar shárchháilíocht na bhfíonta ó Huși, a scríobh taistealaithe ón gcoigríoch i Moldóiv na meánaoise, go háirithe Marco Bandinus in 1646: 'In Huși, ar seanlonnaíocht d'fhíonghoirt Mholdóvacha é, táirgtear fíon an-bhlasta agus cumhra a mbíonn éileamh mór air'. Scríobh an cartagrafaí cáiliúil Dimitrie Canetmir, a rugadh i sráidbhaile Silișteni gar do Huși (athainmníodh an sráidbhaile ó shin in ómós dó) in 'Descriptio Moldaviae' 'go ndéantar an fíon is fearr in Cotnari agus go bhfuil fíon Huși sa dara háit ina dhiaidh sin'.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Tásc lipéadaithe

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Maidir le lipéid na bhfíonta, féadfar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint Huși a fhorlíonadh, Ag Brath Ar Leasanna Na Dtáirgeoirí, Le Ceann Amháin De Na Hainmneacha Fíonghoirt Aonair A Leanas: Duda-epureni, Pădureni, Dealul Lohan, Dealul Dobrina, Dealul Şara, Dealul Ochi, Dealul Galbena, Dealul Ograda, Dealul Podgoria, Cerdacul Lui Vodă, Dealul Mănăstirii, Avereşti, Pîhneşti, Arsura, Dealul Dragalina, Dealul Roşiori, Podina, Armăşeni, Dealul Pribeasca, Buneşti, Movila Lui Andrei, Dealul Câlcea, Colina Mănăstirii, La Schit, Dealul Lui Moțoc.

Le haghaidh an ainmniúchán 'Huși-Vutcani', trí úsáid a bhaint as na hainmneacha fíonghort seo a leanas: Valea Lui Darie, Dealul Heretei.

Dálaí margaíochta

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar lipéadú fíonta a dhéanamh ar aon bhealach ar choinníoll go léirítear an fhaisnéis éigeantach sa réimse radhairc céanna. Níl an lipéad ná an frithlipéad éigeantach, féadfar lipéadú a dhéanamh i gcomhpháirt amháin nó níos mó, is féidir aon chruth a bheith ar na lipéid agus iad déanta as aon ábhar agus aon teicníc á húsáid.

Féadfar an téarma traidisiúnta a úsáid freisin sa lipéadú ar téarma é dá bhforáiltear sa reachtaíocht atá i bhfeidhm le haghaidh fíonta lena léirítear cáilíocht na buainte mar thoradh ar an gcion siúcra tráth na buainte (nuair a bhíonn lobhadh uasal sna fíonchaora).

Tásca a úsáidtear i gcur i láthair/lipéadú

Creat dlíthiúil:

I reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar roinnt tásc a thagraíonn do mhodhanna áirithe táirgthe a úsáid ar bhonn deonach, mar a leanas:

— féadfar na tásca ‘fermentat in barrique’ [coipthe i mbairillí], ‘maturat i mbarraic’ [aibithe i mbairillí] ‘fermentat în prezența așchiilor de stejar’ [coipthe i láthair sliseanna darach] agus ‘maturat în prezența așchiilor de stejar’ [aibithe i láthair sliseanna darach] a thaispeáint ar an lipéadú sa Rómáinis, nó féadfar téarmaí i dteangacha, ar téarmaí íad a úsáidtear go hidirnáisiúnta, a úsáid chun a chur in iúl don tomhaltóir go n-úsáidtear an próiseas sin, amhail aon cheann de na tásca seo a leanas:

    — ‘fumé’ nó ‘deataithe’ nó ‘tóstáilte’ i nGaeilge, bíodh, nó ná bíodh, an téarma lena sainítear déine na cóireála teasa a chuirtear ar an adhmad darach a úsáidtear, i.e. ‘éadrom’, ‘meánach’ nó ‘trom’ ag gabháil leis.

    — ‘fumé’ nó ‘fumée’ i bhFraincis, bíodh, nó ná bíodh, an téarma lena dtuairiscítear déine na cóireála teasa a chuirtear i bhfeidhm ar an adhmad darach a úsáidtear, i.e. ‘légère’, ‘moyenne’, ‘forte’ nó ‘petite fumé’, ‘demi fumé’, ‘intense fumé’.

Féadfaidh na tásca sin a bheith in aon teanga eile a úsáidtear go hidirnáisiúnta nó i dteanga na tíre ina bhfuil sé beartaithe an táirge fíona a mhargú má roghnaíonn an táirgeoir fíona amhlaidh, agus an tomhaltóir á chur ar an eolas faoi úsáid na gcleachtas a chuirtear i bhfeidhm ar fud an domhain chun fíonta a bhfuil saintréithe céadfacha ar leith acu a fháil.

Maidir le fíonta a théann faoi thréimhse aibithe nó teacht chun cineáil ar an moirt, féadfaidh téarmaí amhail ‘sur lie’, ‘bâttonnage’ nó ‘tagtha chun cineáil ar an moirt’ a bheith san áireamh ar an lipéad.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.onvpv.ro/sites/default/files/caiet_de_sarcini_doc_husi_modif_cf_cererii_standard_356_19.02.2024_no_track_changes.pdf